**BREITHIÚNAS ÓN gCÚIRT**

**an 24 Eanáir 2023**

**i gCás E-1/22**

**G. Modiano Limited agus Standard Wool (UK) Limited v Údarás Faireacháin CSTE**

*(Státchabhair - Scéim Fóirdheontais Olla na hIorua – Caingean chun cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE a neamhniú – Diúltú do ghearán – Cinneadh a glacadh ag deireadh na céime réamhscrúdaithe – Ráiteas ar chúiseanna – Níl athrú substaintiúil ar chabhair atá ann cheana i gceist)*

(2023/C 158/04)

I gcás E-1/22, G. Modiano Limited agus Standard Wool (UK) Limited v Údarás Faireacháin CSTE – IARRATAS chun an Cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE i gCás Úimh. 84045 an 9 Samhain 2021, Scéim Fóirdheontais Olla na hIorua, a chur ar neamhní, thug an Chúirt agus í comhdhéanta de Páll Hreinsson, Uachtarán (Breitheamh-Rapóirtéir), Bernd Hammermann agus Ola Mestad (ad hoc), na Breithiúna, thug sí a breithiúnas an 24 Eanáir 2023, arb é seo a leanas an chuid oibríochtúil de:

Tá an Chúirt, leis seo:

1. Ag diúltú don chaingean ina hiomláine;

2. Ag ordú do G. Modiano Limited agus Standard Wool (UK) Limited a gcostais féin agus na costais a thabhaigh Údarás Faireacháin CSTE a íoc go comhpháirteach agus go leithleach.